CINNEADH (AE) 2022/61 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Eanáir 2022

maidir le ceapadh comhaltaí de Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair le haghaidh téarma nua oifige

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 95/319/CE ón gCoimisiún an 12 Iúil 1995 lena mbunaítear Coiste Cigirí Sinsearacha Saothair ([1]), agus go háirithe Airteagal 5 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh 95/319/CE, lánchomhalta amháin in aghaidh an Bhallstáit a bheidh ar an gcoiste, agus féadfar comhalta malartach amháin a cheapadh i gcás gach lánchomhalta.

(2) De bhun Airteagal 5(2) den Chinneadh sin, tá an Coimisiún le lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha an Choiste a cheapadh ar thogra ón mBallstát.

(3) Foráiltear in Airteagal 5(3) den Chinneadh sin gur 3 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Choiste agus gur féidir a gceapachán a athnuachan.

(4) Is ar an 31 Nollaig 2021 a thiocfaidh deireadh le téarma oifige reatha an Choiste.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún comhaltaí an Choiste a cheapadh de réir na moltaí ó na Ballstáit go ceann tréimhse 3 bliana.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair a cheapadh go ceann tréimhse 3 bliana ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2024, de réir na hIarscríbhinne.

Foilseofar liosta na gcomhaltaí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun críoch faisnéise.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 188, 9.8.1995, lch. 11.

IARSCRÍBHINN

Ballstát	Lánchomhalta	Comhalta malartach
An Bheilg	Paul TOUSSEYN	Maria-Cristina RIBAS Y RIBAS
An Bhulgáir	Tsvetomila FILIPOVA	Irena DIMITROVA
Poblacht na Seice	Rudolf HAHN	Pavel HEISIG
An Danmhairg	Sine FREDERIKSEN	Annemarie KNUDSEN
An Ghearmáin	Kai-Michael SCHÄFER	Helmut GOTTWALD
An Eastóin	Maret MARIPUU	Silja SOON
Éire	Mark CULLEN	Dermot O'BRIEN
An Ghréig	Chrysoula TOUFEKOULA	Panagiota KATSAKIORI
An Spáinn	Héctor ILLUECA BALLESTER	Gonzalo GIMÉNEZ COLOMA
An Fhrainc	Annaick LAURENT	Imed BENTALEB
An Chróit	Miroslav BABIĆ	gđa Božica BREŠKI DŽODAN
An Iodáil	Orazio PARISI	Roberta FABRIZI
An Chipir	Anastassios YIANNAKI	Aristodemos ECONOMIDES
An Laitvia	Renārs LŪSIS	Linda MATISĀNE
An Liotuáin	Jonas GRICIUS	Dalia LEGIENE
Lucsamburg	Marco BOLY	Patrice FURLANI
An Ungáir	Péter NESZTINGER	Nóra KISSNÉ PÁLMAI
Málta	Mark GAUCI	Vincent ATTARD
An Ísiltír	Rits DE BOER	Frances DIEPSTRATEN
An Ostair	Gertrud BREINDL	Alexandra MARX
An Pholainn	Katarzyna ŁAŻEWSKA-HRYCKO	Michal WYSZKOWSKI
An Phortaingéil	Maria Fernanda FERREIRA CAMPOS	Nelson FERREIRA
An Rómáin	Dantes Nicolae BRATU	Cristian Bogdan CĂLINA
An tSlóivéin	Jadranko GRLIC	Slavko KRIŠTOFELC
Poblacht na Slóvaice	Hedviga MACHAYOVÁ	Stanislav KRAJŇÁK
An Fhionlainn	Raimo ANTILA	Arto TERONEN
An tSualainn	Håkan OLSSON	Pia ZÄTTERSTRÖM